

Reilig an Chnoic

Tá an obair chothabhála ag dul ar aghaidh i gcónaí. Baineadh an féar sa dá Reilig go rialta i rith an tSamhraidh agus tá cúram ar leith déanta do chothabháil na Seanreilge i mbliana. Faoi dheireadh thiar thall tá slacht anois air agus tá an féar coinnithe go slachtmhar. Buaileadh péint ar an ngeata. Bailíodh dhá ualach bruscar de chuile chineál sa Seanreilig i mbliana.



An reilig nua ar an gCnoc

Tá slacht maith ar an Reilig Nua freisin tar éis obair chothabhála na bliana seo. Cheannaigh muid bothán adhmaid le n-úsáid mar áit stórála do na deiseanna éagsúla a úsáidtear ar obair na Reilige. Tá obair breise ar an gclár oibre don Gheimhreadh seo, sé sin roinnt suiminte agus moirtéil a chuir idir uaigheanna áirithe le na fiailí a choinneáil faoi smacht.

Tá togra suimiúil ar bun ag an gCoiste i mbliana sa mhéid go bhfuil meitheal mná ag obair ar na huaigheanna sa Sean Reilig agus sa Reilig Nua. Tá sé í gceist acu chuile uaigh a mharcáil ar mhapa agus liosta a dhéanamh do na hainmneacha uilig atá ar chuile cheann. Tá sé í gceist againn leabhrán a chur le chéile agus é a fhoilsiú nuair a bheas an t-eolas uilig bailithe. Bheadh an-suim againn pictiúir, idir sean agus nua, a chur sa leabhrán agus beifear i dteagmháil libh arís faoi

seo amach anseo. Tá an togra faoi chúram na heagraíochta Gaeltacht i gCéin agus tá an ceannáras acu sin i dTír an Fhia. Fuair muid €1,430 mar shíntiúis ón bpobal don bhliain seo agus ar ndóigh tá muid mar Choiste thar a bheith buíoch don chúnamh seo. Cuirfear cuntas airgid ar fáil ag deireadh na bliana agus scaipfear eolas i nuachtlitir tríd na Scoileanna agus an Séipéal.

Ba bhreá leis an gCoiste sconsa de chloch na háite a thógáil mar éadan ar an mballa atá ag síneadh le bóthar agus tá súil againn tabhairt faoin jab seo an gheimhreadh seo romhainn. Ar son an Choiste, is mian liom buíochas a ghlacadh le chuile dhuine a thug cúnamh dúinn i rith na bliana go mór mhór iad san a thug síntiúis airgid dúinn agus iad san a rinne obair dheonach sna Reiligí.